

FOLÚNTAS

# Ceann na Rannóige um Oiliúint Sláinte Poiblí

Aonad: PHF
Tagairt: ECDC/AD/2023/PHF-HSPHT

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Tá sé beartaithe ag ECDC duine amháin a earcú don phost thuasluaite. Tá sé beartaithe ag ECDC freisin liosta ionadaithe a bhunú, a fhéadfar a úsáid le haghaidh folúntas sa réimse seo amach anseo.

Tuairisceoidh an Sealbhóir Poist go díreach do Cheann Aonaid Feidhmeanna Sláinte Poiblí agus déanfaidh sé nó sí tuilleadh forbartha ar ghníomhaíochtaí an Lárionaid a bhaineann le hoiliúint sláinte poiblí i réimse na ngalar teagmhálach, agus déanfaidh sé nó sí comhordú ar a gcur chun feidhme, i ndlúthchomhar le comhghleacaithe eile san aonad agus in ECDC i gcoitinne.

Beidh freagracht air/uirthi as na réimsí oibre a leanas go háirithe:

- An Rannóg um Oiliúint Sláinte Poiblí a bhainistiú trí fhoireann láidir a chruthú atá dírithe ar sheirbhísí a chur ar fáil agus trí chultúr foghlama a chur chun cinn;
- A áirithiú go ndéantar pleanáil oibre na rannóige, mar aon le bainistiú acmhainní daonna agus airgeadais, lena n-áirítear bainistíocht feidhmíochta, go héifeachtúil agus go héifeachtach;
- Treo straitéiseach oiliúna ECDC a fhorbairt tuilleadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear Clár Comhaltachta ECDC (EPIET/EUPHEM), Clár na Meánmhara agus na Mara Duibhe d'Oiliúint Eipidéimeolaíochta Idirghabhála (MediPIET), Clár Forbartha Gairmiúla Leanúnach ECDC (CPDP), tionscadal ECDC4AfricaCDC agus Acadamh Fíorúil ECDC (EVA), i gcomhréir le riachtanais athraitheacha na mBallstát, an Choimisiúin agus geallsealbhóirí ábhartha eile;
- Dlúthchomhar agus comhordú a áirithiú le Ballstáit an AE/LEE, leis an gCoimisiún Eorpach, leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile maidir le tionscadail a bhaineann le hoiliúint sláinte poiblí agus obair a dhéanamh ar chláir oiliúna eile i gcur chuige Sláinte Amháin;

- Gníomhaíochtaí seachtracha oiliúna sláinte poiblí ar fud an Lárionaid a chomhordú agus tacaíocht dóibh a áirithiú;
- Tacú leis an Tascfhórsa Eorpach Sláinte trí rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhaltaí ina ghníomhaíochtaí chun cúnamh a chur ar fáil do na Ballstáit agus do chomhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le hullmhacht agus freagairt do bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, e.g., trí chás-staidéir, imscaradh allamuigh agus imscrúduithe ráige;
- Tacú leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na Ballstáit i réimse na hoiliúna sláinte poiblí, na forbartha lucht saothair agus na forbartha acmhainneachta i gcomhthéacs Rialachán 2022/2371 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta;
- Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le comhpháirtithe oiliúna ábhartha ECDC chun príomhinniúlachtaí Eorpacha a choinneáil cothrom le dáta i réimse chosc agus rialú galar teagmhálach agus chun tacú le forbairt 'pobal cleachtais' in oiliúint sláinte poiblí;
- Ionadaíocht a dhéanamh ar ECDC i líonraí agus cruinnithe Eorpacha agus idirnáisiúnta a bhaineann le hoiliúint sláinte poiblí;
- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí eile de chuid ECDC, de réir mar is gá, ina réimse saineolais féin;
- D'fhéadfaí go n-iarrfaí air/uirthi a bheith páirteach sa chóras dualgais 24/7 atá ag ECDC.

# Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

## A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad a leanas na riachtanais atá i gceist:

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha 1 bhliain amháin ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad[1];
- Taithí ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad[2] (tar éis bhronnadh an dioplóma);
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE sa mhéid is gá chun a dhualgais/a dualgais a chomhlíonadh[3];
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a cheart iomlán/a ceart iomlán mar shaoránach[4];

1 Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin

2 Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

3 I gcás iarrthóirí a bhfuil teanga dhúchais acu nach teanga oifigiúil AE í nó a bhfuil an Béarla ina theanga dhúchais acu, ní mór dóibh leibhéal an dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos mó).
Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil um ardú céime, ní mór do na baill foirne eolas feidhmiúil a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus sna Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

4 Sula ndéanfar an ceapachán, iarrfar ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi deimhniú ó na póilíní a sholáthar ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici.

- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme maidir le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

## B. Critéir roghnúcháin

Tá critéir riachtanacha maidir le taithí ghairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

### Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:

- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad a gnóthaíodh i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist;
- Taithí 3 bliana ar a laghad ar bhainistíocht, lena n-áirítear foireann a bhainistiú, measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, obair a phleanáil agus freagracht as buiséid a chur i bhfeidhm;
- Eolas láidir oideolaíoch agus taithí ghairmiúil láidir chruthaithe ar an tsláinte phoiblí agus ar ghalair theagmhálacha, go háirithe maidir le hoiliúint iarchéime agus/nó oiliúint forbartha gairmiúla leanúnaí a eagrú;
- Taithí ar obair i gcomhthéacs sláinte poiblí i mBallstát nó i suíomh idirnáisiúnta;
- Ardleibhéal Béarla, idir scríofa agus labhartha.

### Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- An cumas fís straitéiseach a cheapadh;
- Cumas láidir daoine a stiúradh agus a spreagadh agus oibriú i gcomhar le chéile;
- Dírithe ar thorthaí agus obair ar ardchaighdeán a bhaint amach le sárchumas socraithe tosaíochtaí, pleanála agus eagrúcháin;
- Dírithe ar sheirbhís a chur ar fáil;
- Scileanna an-mhaith idirbheartaíochta agus cumarsáide.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

# Comhdheiseanna

Is fostóir comhdheiseanna é ECDC agus molann sé go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail aois, cine, polaitíocht, fealsúnacht nó creideamh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumas.

# Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. Iarrfar ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an

ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, go ceann tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin. Déanfar an ceapachán seo chuig grád **AD 8**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh naoi mí i gcrích go rathúil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

# Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a bhunú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain chéanna ina dtiteann an sprioc-am le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

# Nós imeachta iarratais

Chun iarratas a dhéanamh ar an bhfolúntas seo, cruthaigh cuntas/logáil isteach i do chuntas trí chóras ríomh-earcaíochta ECDC, comhlánaigh gach cuid riachtanach den iarratas agus cuir isteach é. **Ní ghlacann ECDC le hiarratais a chuirtear isteach trí ríomhphost, tríd an bpost ná ar aon mhodh eile.**

Is é an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach an dáta a fhógraítear san fhógra folúntais i mBéarla. Moltar duit d'iarratas a chur isteach i bhfad roimh an spriocdháta i gcás ina mbeidh fadhbanna teicniúla agat agus/nó má bhíonn trácht trom ar an suíomh gréasáin. Ní ghlacfaidh ECDC le haon iarratas tar éis an sprioc-ama. Nuair a bheidh d'iarratas curtha isteach agat, gheobhaidh tú teachtaireacht ríomhphoist uathoibríoch lena ndearbhófar go bhfuarthas d'iarratas. Cinntigh go bhfuil an seoladh ríomhphoist a thabharfaidh tú i do chuntas iarratasóra cruinn ceart agus go ndéanfaidh tú do ríomhphost a sheiceáil go rialta.

Tá treoir d'úsáideoirí maidir le ríomhearcaíocht agus treoir maidir le próiseas earcaíochta agus roghnúcháin ECDC le fáil ar ár suíomh gréasáin:

**https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process**

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Is féidir aistriúchán[5] an fhógra folúntais seo a fháil i dteangacha uile an AE anseo:

https://www.ecdc.europa.eu/en/about-ecdc/work-ecdc/recruitment/vacancies/vacancy-translations

5 Cé gur aistríodh an fógra folúntais seo go gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh ón mbunleagan Béarla, is é Béarla gnáth-theanga oibríochtaí na Gníomhaireachta ó lá go lá. Dá bhrí sin, is fearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.